C/2026/5795

4.11.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12349 — DBAG / ALLFUNDS GROUP)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/5795)

1. An 22 Deireadh Fómhair 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Deutsche Börse AG ('DBAG', an Ghearmáin), máthairchuideachta Deutsche Börse Group,

— Allfunds Group plc ('Allfunds', an Ríocht Aontaithe), máthairchuideachta Allfunds Bank, S.A.U.

Gheobhaidh DBAG rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Allfunds Group ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is soláthraí éagsúlaithe bonneagair margaidh caipitil é DBAG a gcumhdaíonn a tháirgí agus a sheirbhísí slabhra luacha iomlán na n-idirbheart margaidh airgeadais,

— Oibríonn Allfunds ardán teicneolaíochta rachmais oscailte chun dáileadh agus láimhseáil cistí a bhainistiú. Cuireann sé réiteach comhtháite ciste ilfhreastail ar fáil do chliaint institiúideacha a thacaíonn le saolré iomlán an idirbhirt.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12349 — DBAG / ALLFUNDS GROUP

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').